

Treoirlínte ar úsáid Foirgnimh Scoile taobh amuigh d’Uaireanta Scoile

Eagrán a hAon, Deireadh Fómhair 2017

AN tAONAD PLEANÁLA AGUS FOIRGNÍOCHTA

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

Clár Ábhair

1. Cúlra.....2
2. Cuspóir na dtreoirlínte.....3
3. Ceaduithe atá riachtanach agus socruithe dlíthiúla.....3
4. Forálacha ginearálta maidir le háiseanna scoile a chur ar fáil6
5. Saincheisteanna le cur san áireamh maidir le háiseanna scoile a chur ar fáil7
6. Áiseanna a chur ar fáil le haghaidh socruithe réamhscoile agus iarscoile8
7. Lucht réamhscolaíochta ar thalamh na scoile9
8. Aguisíní.....12

Cúlra

In 2005, d'éisigh an Roinn Oideachais agus Scileanna Ciorclán chuig Iontaobhaithe, Boird Bhainistíochta agus Príomhoidí Bunscoileanna agus Meánscoileanna Deonacha (Ciorclán Bunscoileanna 16/05) chun Iontaobhaithe agus Boird Bhainistíochta a spreagadh lena gcuid áiseanna a chur ar fáil nuair is féidir chun críocha pobail, oideachais agus áineasa. Aithnítear sa Chiorclán seo go bhfuil an cinneadh ar deireadh thiar leis an údarás scoile ábhartha i gcomhairle le húinéir na réadmhaoine agus gur chóir go mbeadh leas na scoile, a múinteoirí agus a daltaí ar an gcéad tosaíocht i gcónaí.

Tagraítear don Chiorclán seo freisin sa Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna 2015-2019 agus luaitear ansin freisin “Agus iad ag spreagadh na nIontaobhaithe agus na mBord chun freagra íogair a thabhairt ar an riachtanas seo, tuigeann an Roinn go huile agus go hiomlán gur leis an mBord nó leis na hIontaobhaithe ábhartha a luíonn an cinneadh sa deireadh thiar agus gur cheart leas na scoile, a múinteoirí agus a daltaí a bheith ar an gcéad tosaíocht i gcónaí”.

Aithnítear go bhfuil ról tábhachtach ag scoileanna ina bpobail níos leithne agus go ndéanann a lán scoileanna a gcuid áiseanna a chur ar fáil lasmuigh d'uaireanta scoile le haghaidh réimse d'úsáidí agus úsáideoirí. Léirigh suirbhé ar bhunscoileanna go luath i 2016 ag an Roinn Oideachais agus Scileanna an réimse úsáidí atá ag foirgnimh scoile i gcuid shuntasach de na scoileanna in Éirinn. Áirítear ar an réimse gníomhaíochtaí, gníomhaíochtaí iarscoile, cumainn obair bhaile, clubanna bricfeasta, campaí samhraidh, gníomhaíochtaí spóirt agus gníomhaíochtaí eile do leanaí chomh maith le grúpaí pobail a éascú um thráthnóna. Spreagann an Roinn úsáid den sórt sin atá le baint as foirgnimh scoile chun críocha áineasa agus pobail.

Clár um Chomhpháirtíochtaí Tiomantais Rialtais

In Alt 8 den Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine 2016), tá an Rialtas tiomanta d'úsáid a bhaint as foirgnimh bunscoile le haghaidh cúraim iarscoile a sholáthar do leanaí atá in aois scoile chun níos mó roghanna agus solúbthachta a thairiscint do thuismitheoirí, nuair a bhíonn éileamh ar sheirbhís den sórt, i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail nó le soláthraithe príobháideacha. In Alt 10, tá tiomantas ábhartha eile ann, a luann go gcaithfear foirgnimh scoile a úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile má tá siad le fanacht i gcroílár a bpobail agus ba chóir go n-áireofaí leis an úsáid seo cúram iarscoile, cumainn obair bhaile agus gníomhaíochtaí pobail eile a bhfuil éileamh orthu.

De réir na bpríomhghéalltanais seo sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta (Bealtaine 2016) tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag obair go dlúth leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus iad ag déanamh measúnaithe maidir le cén chaoi le scoileanna ar mian leo a gcuid saoráidí a chur ar fáil a éascú mar chuid den réimse roghanna atá ar fáil do thuismitheoirí nuair a bhíonn éileamh air.

Léirítear na tiomantais seo sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas, lena n-áirítear an tiomantas chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus treoirlínte a fhorbairt do scoileanna maidir le húsáid foirgneamh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile.

Comhairliúchán le Comhpháirtithe Oideachais

Bhuail an tAire Oideachais agus Scileanna le páirtithe leasmhara éagsúla oideachais i rith an tsamhraidh in 2016 maidir leis na tiomantais thuasluaite agus réachtáladh ceardlann i mí na Samhna 2016 le comhlachtaí bainistíochta bunscoileanna chun tarraingt ar thaithí scoileanna a chuireann a gcuid áiseanna ar fáil agus chun eolas a thabhairt ar ábhair le cur san áireamh sna treoirlínte a eiseofar do scoileanna ar an ábhar seo.

Ó chomhairliúcháin éagsúla a rinneadh mar chuid den phróiseas seo, is léir go bhfuil úinéirí réadmhaoine na scoile, údaráis scoile agus páirtithe leasmhara eile, ar bhonn ginearálta, i bhfabhar cur le húsáid na bhfoirgneamh scoile agus é seo a leathnú taobh amuigh d'uaireanta scoile nuair is cuí sin a dhéanamh agus tá cuid mhór taithí acu air seo.

2. Cuspóir na dtreoirlínte

Is é cuspóir na dtreoirlínte seo treoir a sholáthar do scoileanna maidir lena socrúithe reatha chun úsáid a bhaint as foirgnimh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile nó do na scoileanna sin atá ag smaoineamh ar shocrúithe den sórt sin a chur i bhfeidhm.

Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte dul i ngleic le cuid de na saincheisteanna a thóg Comhpháirtithe Oideachais mar chuid den phróiseas comhairliúcháin agus chun scoileanna a chur ar an eolas faoi na cineálacha saincheisteanna ar cheart a mheas nuair is mian le scoil a cuid áiseanna a chur ar fáil lasmuigh d'uaireanta scoile.

Níl sé i gceist go bhfuil na treoirlínte seo uileghabhálach nó saintreorach. Aithnítear gur ábhar do na húdaráis scoile ábhartha é bainistiú a dhéanamh ar áitreabh na scoile ar leibhéal áitiúil. Tuigeann an Roinn go huile agus go hiomlán go bhfuil na cinntí a bhaineann le háitreabh scoile a chur ar fáil ar deireadh thiar leis na hlontaobhaithe/leis na hÚinéirí Réadmhaoine ábhartha tar éis moladh ó údaráis na scoile, agus go gcaithfear tosaíocht a thabhairt do riachtanais na scoile, na múinteoirí agus na ndaltaí. Mar sin féin, is amhlaidh, áfach, go mbíonn scoileanna go minic i gcroílár a bpobail inbhuanaithe, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sochar frithpháirteach ann chun naisc a thógáil leis an bpobal áitiúil, go háirithe i gceantair ina bhfuil scoileanna nuabhunaithe, agus ina bhfuil áiseanna na scoile oiriúnach d'úsáid an phobail.

I gcás go bhfuil socrúithe ann cheana féin, níl sé i gceist go gcuirfí isteach ar na socrúithe sin. Ba cheart d'údaráis scoile athbhreithniú a dhéanamh ar shocrúithe atá ann cheana féin a luaithe is féidir nuair atá sin indéanta agus nuair a bhíonn go leor ama ann chun fógra a thabhairt go bhfuil sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar shocrúithe nó socrúithe malartacha a chur chun feidhme nó socrúithe a leasú gan cur isteach ar na seirbhísí a soláthraítear.

3. Ceaduithe riachtanacha & socrúithe dlíthiúla

Faomhadh

Go ginearálta, aithníonn an Roinn go ndéantar bainistiú ar an úsáid atá le baint as áitreabh scoile le haghaidh críocha pobail nó iarscoile ar leibhéal áitiúil agus tá go leor neamhspleáchais ag údaráis scoile maidir le cén chaoi a ndéantar bainistiú ar agus a mbaintear úsáid as a n-áitreabh ar leibhéal áitiúil.

Tá dualgais an Bhoird Bhainistíochta leagtha amach in Alt 15 den Acht Oideachais.

Mar sin féin, maidir le déileáil le réadmhaoin scoile, ba cheart iarratais tríú páirtí maidir le húsáid áiseanna scoile a bheith faofa ag an mBord Bainistíochta go foirmiúil le toiliú an Phátrúin, tá sé tábhachtach d'Údaráis Scoile a thabhairt faoi deara **gur gá toiliú Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaithe a fháil chun áitreabh scoile a úsáid mar atá leagtha amach sna hailt thíos sula ndéantar aon chinneadh.**

Bunscoileanna agus Meánscoileanna Deonacha suite ar láithreáin atá faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna

Féadtar réadmhaoin an Aire a léasú chuig an bPátrún agus i gcásanna den sórt sin, ní mór d'údaráis scoile oibriú laistigh de théarmaí an léasa ábhartha. Ba cheart toiliú an Aire a lorg nuair is gá.

Bunscoileanna agus Meánscoileanna Deonacha suite ar láithreáin nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna

I gcás nach bhfuil an réadmhaoin faoi úinéireacht an Stáit, ba cheart d'Údaráis na Scoile iarratas a dhéanamh le toiliú an Phátrúin chuig Úinéirí/Iontaobhaithe na Réadmhaoine chun a gcead a fháil.

I scoileanna a ndearna an tAire airgead a infheistiú in áiseanna na scoile is féidir leas an Aire a chosaint go dlíthiúil trí chomhaontú a dhéanamh idir Úinéirí/Iontaobhaithe na Réadmhaoine. I gcásanna den sórt sin, ní mór d'Úinéirí/Iontaobhaithe na Réadmhaoine oibriú laistigh de théarmaí an chomhaontaithe iomchuí.

Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

I gcás Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, tá forálacha sonracha luaite sa Lámhleabhar Rialachais do Phobalscoileanna agus do Scoileanna Cuimsitheacha agus ba chóir cloí leo sin.

Scoileanna agus Coláistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

I gcás scoileanna agus choláistí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (“BOO”), tá an Bord Bainistíochta freagrach as cinneadh a dhéanamh maidir le húsáid na bhfoirgneamh scoile/coláiste nó úsáid a gcuid tailte chun críocha an phobail ag amanna nach gcuireann isteach ar obair na scoile/an choláiste. Déanfaidh Bord Bainistíochta na rialacháin agus na coinníollacha a rialaíonn úsáid an áitribh chun críocha an phobail a ullmhú chun go gceadóidh an BOO é agus beidh siad faoi réir athruithe ó am go ham le ceadú an BOO.

Réadmhaoin ar Léas

Féadfar réadmhaoín áirithe (e.g. Cóiríocht Shealadach) a léasú don Phátrún agus i gcásanna den sórt sin ní mór d'údaráis na scoile oibriú leo laistigh de théarmaí an léasa áirithe.

Úsáid áitreabh le linn an lae scoile

D'ainneoin na nithe thuasluaite, i ngach cás ina mbaintear úsáid as áitreabh bunscoile chun críocha seachas gnó scoile rialta le linn an lae scoile, ní mór cead a bheith faighte ón Aire roimh ré.

Nuair a dhéanann scoil iarratas den chineál sin, ba cheart don Phátrún an t-iarratas a chur isteach i scríbhinn chuig Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne, a luaithe is féidir.

Nuair a fhaigheann an Roinn iarratas den sórt sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go ndéanfar measúnú ar gach iarratas den sórt sin i gcomhthéacs an rollaithe réamh-mheasta agus riachtanas cóiríochta na scoile. San iniúchadh seo is iondúil go mbíonn measúnú ar riachtanais chóiríochta na scoile agus ar acmhainn na scoile laistigh den réimse foriomlán pleanála scoile ina bhfuil an scoil suite.

Má dheonaítear toiliú, déanfar sin ar an mbonn nach dtabharfaidh aon chomhaontú cearta áitíochta don ghrúpa úsáideoirí. Ba cheart fógra a thabhairt don ghrúpa úsáideoirí sula ndéantar aon iarratas.

Socruithe Dlíthiúla

Is gné ríthábhachtach é maidir le háiseanna scoile a chur ar fáil a chinntiú go bhfuil socruithe dlíthiúla atá curtha i bhfeidhm ceart agus cuí. In Alt 4 agus Alt 5 den doiciméad seo léirítear forálacha ginearálta agus saincheisteanna atá le meas ag scoileanna agus iad ag cur áiseanna scoile ar fáil.

In Aguisín 1 leagtar amach roinnt coinníollacha samplacha eile a rialaíonn úsáid na n-áiseanna scoile ag Eagraíochtaí Pobail agus ag comhlachtaí seachtracha eile ar féidir iad a chur in oiriúint ag brath ar na riachtanais a bhíonn acu. Ina theannta sin, in Aguisín 2 cuimsítear tuilleadh faisnéise a bhaineann le comhaontuithe dlíthiúla agus moltar, ar a laghad, liosta nithe ba cheart a shoiléiriú in aon chomhaontú dlíthiúil.

Níor cheart do chomhaontú dlíthiúil aon eastát nó leas dlíthiúil a thabhairt don úsáideoir atá beartaithe in áitreabh na scoile nó in aon chuid di. D'fhonn a chinntiú nach bhforbróidh aon chearta tionóntachta agus go mbeidh an réadmhaoín ar fáil d'úsáid na scoile más gá sa todhchaí, moltar, nuair is cuí, go mbíonn an comhaontú i bhfoirm ceadúnais seachas léas. Mar sin féin, ba cheart comhairle dhlíthiúil a lorg sula dtéitear isteach ar aon chomhaontú. Ba cheart go mbeadh clásail scoir/fhoirceanta iomchuí ag gach comhaontú ceadúnais (moltar gan é a bheith níos mó ná téarma 11 mhí). Má dhéantar léas gearrthéarmach ansin, ba cheart go mbeadh clásail scoir/fhoirceanta iomchuí ann agus ba cheart don Tionónta, tar éis comhairle dlí neamhspleách a fháil, Gníomhas a shíniú ag tréigean aon cheart ar Thionóntacht nua.

Sínitheoirí Cuí le Comhaontuithe Dlíthiúla

Maidir le sainchúram agus cearta réadmhaoine an Bhoird Bainistíochta, is tábhachtach a thabhairt faoi deara go luaitear in alt 15(3) den Acht Oideachais:

"Chun amhras a sheachaint, ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo aon cheart nó leas i dtalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an Bord sin freagrach astu a thabhairt don Bhord nó a mheas".

Mar sin de, is riachtanach go ndéantar amach cé na páirtithe arb iad na sínitheoirí cuí iad ar aon chomhaontú dlíthiúil atá le cur i bhfeidhm.

Tá tábla a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair maidir le ceaduithe a theastaíonn agus sínitheoirí cuí le comhaontuithe dlíthiúla leagtha amach in Aguisín 3.

4. Forálacha ginearálta maidir le háiseanna scoile a chur ar fáil

Socruithe Árachais

Mar riail ghinearálta, beidh a gcuid árachais féin ag teastáil ó aon ghrúpa seachtrach agus ba cheart don ghrúpa cruthúnas árachais a chur ar fáil lena scrúdú nuair a iarrtar é.

Baineann socruithe ar leith maidir le hárachas le Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha, agus ba cheart na forálacha ábhartha atá leagtha amach sa Lámhleabhar Rialachais do Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha a leanúint.

Maidir le scoileanna eile, cé go gceanglaítear ar údarás na scoile árachas áirithe a bheith i bhfeidhm, féadfaidh Pátrún agus/nó Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaithe na scoile a bheith i gceist freisin in aon éileamh a éiríonn as úsáid an fhoirgnimh. Is tábhachtach go ndéanfar socruithe árachais le hárachóir na scoile a fhíorú chun a chinntiú go bhfuil Bord Bainistíochta, Pátrún agus/nó Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaithe na scoile clúdaithe go cuí agus slánaithe ag socruithe árachais. Chomh maith le dliteanas poiblí, ní mór cúrsaí a mheas maidir le haon damáiste réadmhaoine a d'fhéadfadh a bheith ann.

Sláinte agus Sábháilteacht

Mar áititheoir, tá dualgas cúraim ar an mBord Bainistíochta dóibh siúd atá ag dul isteach in áitreabh Scoile agus ba chóir, ar a laghad, go mbeadh dea-chaoi á coimeád ar an réadmhaoin, lena n-áirítear dea-riocht a choimeád ar na bealaí rochtana agus bealaí amach as. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as a áirithiú go bhfuil an t-áitreabh a sholáthraítear i riocht sábháilte. Ba cheart don Bhord measúnú riosca a dhéanamh sula mbaineann an tríú páirtí úsáid as áiseanna na scoile chun bearta rialaithe riachtanacha a shainaithint. Ba chóir comhairle maidir le measúnú riosca a dhéanamh a fháil ó árachóir na scoile. Go ginearálta, ba cheart go mbeadh an measúnú riosca comhréireach le leibhéal an riosca.

Forbairt na Scoile sa todhchaí

Is tábhachtach nach gcuireann aon socrú beartaithe bac ar fhorbairt na scoile sa todhchaí. I ngach cás tá an dualgas ar an mBord Bainistíochta agus ar an bPátrún a chinntiú go bhfuil dóthain spáis ann leis an scoil a leathnú chun cóiríocht a sholáthar más gá le freastal ar rollú na scoile.

Socruithe comhpháirtíochta um chúnamh deontais

I roinnt cásanna, féadfaidh scoil socruithe comhpháirtíochta a dhéanamh le cumann spóirt áitiúil nó eagraíocht chun leas a bhaint as maoiní deontais (Deontas Caipitil Spóirt *etc.*), a dhéanann tairbhe don scoil agus don phobal araon. I gcás ina gceanglaítear ceaduithe chun limistéir de réadmhaoin scoile a fhorbairt (*e.g.* le haghaidh páirc imeartha), ba cheart don Phátrún iarratais a sheoladh chuig Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne. Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéanfar measúnú ar gach iarratas den sórt sin i gcomhthéacs na riachtanas rollaithe agus cóiríochta réamh-mheasta don scoil agus i gcomhthéacs na limistéar ábhartha pleanála scoile. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil spriocdháta iarratais i bhfeidhm, ba chóir do scoileanna iarratais a chur isteach chuig Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne in am trátha roimh spriocdhátaí chun go bhféadfar an measúnú seo a dhéanamh.

Forghníomhú ceart an Chomhaontaithe Dhlíthiúil

Nuair a bhíonn sé i gceist comhaontú dlíthiúil a dhéanamh, is é freagracht an pháirtí é atá i dteideal an comhaontú a dheonú a chinntiú go gcuirfear an comhaontú i bhfeidhm go cuí.

Riachtanais Reachtúla

Is é freagracht an pháirtí atá i dteideal an comhaontú a dheonú é freisin a chinntiú go bhfuil sé ina choinníoll den chomhaontú dlí go gcomhlíontar na ceanglais reachtúla ábhartha go léir a bhaineann leis an áititheoir atá beartaithe, lena n-áirítear Rialacháin um Shláinte agus Sábháilteacht, Foirgníocht agus Pleanáil.

5. Saincheistanna le cur san áireamh agus áiseanna scoile á gcur ar fáil

I gcás ina bhfuil scoil ag smaoineamh ar a cuid áiseanna a chur ar fáil le húsáid lasmuigh d'am scoile, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach don Bhord Bainistíochta an méid seo a leanas a mheas:

- Ar dheimhnigh na hiarratasóirí go bhfuil an t-áitreabh oiriúnach chun an tseirbhís nó an ghníomhaíocht a chur ar fáil?
- Ós rud é gurb é soláthar oideachais bunscoile nó iar-bhunoideachais é úsáid tosaíochta réadmhaoin na scoile, cad iad na himpleachtaí a bhaineann le húsáid na scoile ar an soláthar oideachais agus cad iad na socruithe atá le déanamh chun an tionchar a bhíonn ar riachtanais na scoile ó lá go lá a íoslaghdú?
- Costais a bhaineann leis na háiseanna a chur ar fáil: Meastar gur chóir go mbeadh aon fhoráil féin-mhaoinithe agus gur cheart go gcumhdófaí, ar a laghad, cothabháil, billí fóntais, costais breise árachais, ceanglais dhlíthiúla agus forchostais eile nó costais ghaolmhara. Maidir leis sin, moltar go ndéanfaí measúnacht ar na costais bhreise a d'éireodh as agus ar an gcaoi a ndéanfar iad a chionroinnt;
- Forálacha Dlíthiúla, Rialachais agus Árachais: Cad iad na socruithe a chaithfidh an scoil a chur i bhfeidhm chun an Bord, an Pátrún, na hlontaobhaithe agus Úinéirí na Réadmhaoin a chosaint?
- Socruithe Rialachais: Duine oiriúnach a shainaithint *e.g.* príomhoide/cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta/ball ainmnithe den Bhord a mbeidh freagracht air nó uirthi chun monatóireacht/maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus a dhéanfaidh tuairisciú don Bhord;

- Clú: Ba chóir ról na scoile maidir leis an tseirbhís atá á moladh a chur ar fáil a léiriú go soiléir e.g. go bhfuil sé léirithe go soiléir nach bhfuil an scoil ach ag soláthar na saoráide amháin agus nach bhfuil na seirbhísí a sholáthraítear á bhformhuiniú/á measúnú acu;
- Athbhreithniú ar bhearta slándála: I gcás ina bhfuil seirbhís slándála ag feidhmiú i scoileanna, ba cheart nósanna imeachta cuí fógartha a chur i bhfeidhm le gnólachtaí slándála etc;
- Aon impleachtaí a éiríonn as úsáid fhéideartha a bhaintear as trealamh TF;
- Ionchais áitiúla a bhainistiú maidir le leanúint den tseirbhís;
- An t-áitreabh a fhágáil sa riocht ina bhfuarthas é chun a áirithiú nach mbíonn aon chur isteach ar a phríomhúsáid chun críocha oideachais;
- Measúnú a dhéanamh más cuí go mbainfí úsáid as láithreán gréasáin na scoile. B'fhéidir gur mhaith leis na scoileanna féin go díreach liosta/sceideal de na gníomhaíochtaí go léir a tharlaíonn ar réadmhaoin na scoile a chur ar fáil gan iad a fhormhuiniú agus soiléiriú a dhéanamh ar aon saincheist a éiríonn as a bheith rannpháirteach i seirbhísí den sórt sin go díreach leis an soláthraí seirbhíse seachas leis an scoil;
- Na nósanna imeachta a d'fhéadfadh a bheith le cur i bhfeidhm maidir le húsáid an áitribh, e.g.:
 - úsáid an áitribh agus réadmhaoin/trealamh scoile
 - an t-áitreabh a chur in áirithe
 - slándáil agus maoirseacht leordhóthanach lena n-áirítear an t-áitreabh a dhaingniú tar éis é a úsáid
 - ní mór aon bheartais, nósanna imeachta nó bearta eile is gá a dhéanamh chun sábháilteacht agus leas dhaltaí na scoile a chosaint, lena n-áirítear ó thaobh cosaint leanaí de, nó grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána
 - cosaint sonraí, lena n-áirítear sonraí ar leanaí aonair a chaithfeadh a bheith i bhfeidhm roimh ré
 - sláinte agus sábháilteacht: nósanna imeachta um aistriú, cód iompair, piocadh suas i ndiaidh an ranga agus tar éis an tseirbhís a bheith i gcrích, gnéithe fisiciúla an áitribh e.g. an bhail atá ar an urlár, baol sleamhnaithe/titime, bealach isteach agus amach atá oiriúnach, lena n-áirítear bealaí do dhaoine faoi mhíchumas
 - bearta sábháilteachta dóiteáin agus aslonnaithe
 - gníomhú le linn éigeandála agus cúrsaí garchabhrach
 - úsáid san oíche, lena n-áirítear soilsiú leordhóthanach agus soláthar slándála

Níl sé beartaithe an liosta thuas a bheith uileghabhálach nó cuimsitheach. Tá cineálacha éagsúla úsáide le baint as foirgnimh scoile, idir an úsáid a bhaineann coiste áitiúil/pobail astu, cumainn spóirt, cúram iarscoile agus beidh riachtanais faoi leith ag teastáil de réir an chineáil soláthair atáthar á mheas. Tá taithí fhada shuntasach ag a lán scoileanna ar a gcuid áiseanna a chur ar fáil agus d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach do scoileanna atá ag déanamh measúnaithe ar shocruithe den sórt sin dul i gcomhairle le scoileanna eile roimh ré.

6. Áiseanna a chur ar fáil le haghaidh socruithe cúram réamhscoile agus iarscoile

I roinnt áiteanna, d'fhéadfadh an úsáid a bhaineann aonán tráchtála as áitreabh le haghaidh cúram réamhscoile agus/nó cúram iarscoile sruth ioncaim a sholáthar don scoil, d'fhéadfadh sé a bheith ina mhúnla gnó inbhuanaithe do sholáthraí príobháideach cláraithe agus ceadúnaithe, agus d'fhéadfadh sé a bheith ina sheirbhís níos inacmhainne do thuismitheoirí. Mar sin féin, i scoileanna eile, d'fhéadfadh grúpaí pobail/neamhbhrabúis a bheith ag soláthar múnlaí gilleagair shóisialta ar chostas níos ísle le haghaidh cúram réamhscoile agus iarscoile. Sna cásanna seo, féadfaidh an scoil cíós ainmniúil a ghearradh ar na foirgnimh chun costais a chlúdach lena chinntiú go mbíonn teacht ag thuismitheoirí ar sheirbhísí ar chostas níos ísle.

Trédhearcacht maidir le háiseanna a chur ar fáil

Faoi réir na gceaduithe a cheanglaítear agus na socruithe dlí mar atá leagtha amach in Alt 3, i gcás a bhfuil scoil ag smaoineamh ar sheomraí a chur ar fáil le haghaidh seirbhís cúram réamhscoile nó iarscoile nó má iarrann soláthraí an tseirbhís seo ar an scoil, moltar go lorgófaí iarratais ó dhaoine eile ar mhaith leo féin, seans, iarratas a dhéanamh chun seirbhís den sórt sin a sholáthar faoi phróiseas atá oscailte, trédhearcach agus cothrom.

Ba cheart go gcuirfeadh na socruithe seo foráil ar fáil chun fógra de chineál éigin a chur i nuachtán áitiúil (nó ar shuíomh gréasáin na scoile nó ar mheán eile neamhsrionta) ag tabhairt eolais maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfí na seomraí/na háiseanna ar fáil, faoin gcaoi a roghnófar soláthraithe seirbhísí agus na téarmaí riachtanacha a bhainfidh le haon úsáideoirí as an áitreabh, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ar son cothabhála.

Más mian le scoil ceanglais a chur san áireamh atá ag teacht le luachanna nó le héiteas na scoile - féadfar na ceanglais sin a bheith bailí ar an gcoinníoll go bhfuil údar maith leo (mar shampla trí thagairt a dhéanamh do 'ráiteas misin' na scoile nó a mhacasamhail) agus é ar aon dul le reachtaíocht ábhartha.

Próiseas um iarratais

Nuair a bhíonn próiseas iarratais á dhearadh, b'fhéidir gur mhaith leis an scoil próiseas ualaithe a chur san áireamh a chuirtear ar fáil go poiblí do gach iarratasóir féideartha. Beidh riachtanais éagsúla ag scoileanna maidir leis seo ach seans gur mhaith le scoileanna gnéithe den sórt seo a leanas a mheas amhail:

- Leas an phobail scoile uile a chur san áireamh, maidir leis an tseirbhís a chuirfidh an t-oibreoir ar fáil;
- Na buntáistí a d'fhéadfadh soláthraí tráchtála a chur ar fáil don scoil ó thaobh ioncam ionchasach de a chothromú i gcoinne na mbuntáistí a bhaineann le seirbhís ar chostas íseal, neamhbhrabúsach a chur ar fáil do thuismitheoirí na scoile agus costais reatha cumhdaithe ann;
- Tagairtí/ taithí ábhartha roimhe seo;
- Grinnfhiosrúchán/Maoirseacht an Gharda Síochána;
- Agallamh/cruinniú leis an bPríomhoide/Bord Bainistíochta más cúí;
- Critéir a bheith san áireamh maidir le roghnú/diúltú (féadfaidh seicliosta a áireamh chun iarratais neamhiomlána a laghdú).

Tá Foirm Iarratais shamplach le fáil in Aguisín 4 agus is féidir é a leasú ag brath ar na riachtanais.

Conarthaí/comhaontuithe a dhéanamh le comhaltaí an Bhoird

I gcás go ndéanann Comhalta Boird (nó a g(h)nó nó a c(h)uideachta) comhaontú tráchtála/conradh gnó leis an scoil scoirfidh an Comhalta sin de sin de bheith ina B(h)all den Bhoird.

Idirdhealú idir Conradh Seirbhíse agus Comhaontú Ceadúnais/Léasa

Tá idirdhealú tábhachtach idir cásanna ina soláthraíonn scoileanna seirbhís, seachas seomraí "ar cíós".

Ní shamhlaítear ná ní mholtar go soláthraítear seirbhís cúram iarscoile nó seirbhís réamhscoile trí chonradh seirbhíse (i.e. trína n-íocann an scoil an soláthraí don tseirbhís). Tá saincheisteanna rialachais ann agus dliteanais fhéideartha bhreise a bhaineann le cur chuige den sórt sin. Moltar do scoileanna na himpleachtaí a mheas nuair a bheartaítear fiontar den sórt sin.

Moltar, seachas Conradh Seirbhíse, gur cheart réadmhaoin na scoile a bheith ceadúnaithe/ar léas (le clásail scoir/fhoirceanta iomchuí nuair a bhaineann sé le hábhar) le heintitis tráchtála nó neamhbhrabúis a d'fhéadfadh ráta tráchtála nó ainmniúil a íoc don scoil agus oibreoidh siad a gcuid seirbhísí ar théarmaí tráchtála nó ainmniúla leis an bpobal i gcoitinne.

7. Réamhscoileanna ar thalamh na scoile

Cé go bhfuil na treoirínite seo beartaithe go príomha le húsáid foirgneamh scoile a chlúdach lasmuigh d'uaireanta scoile, meastar é a bheith úsáideach na ceanglais bhreise a leagan amach anseo i gcás go mbeartaíonn scoil seirbhís réamhscoile a éascú ar réadmhaoin na scoile.

I gcásanna áirithe tá áiseanna bunaithe ar áitreabh scoile ag soláthraithe réamhscoile (príobháideacha agus neamhbhrabúsach/pobalbhunaithe). Uaireanta baineann sé seo le hacmhainn spártha a úsáid laistigh d'fhoirgneamh atá ann cheana féin; i gcásanna eile féadfar struchtúr réamhdhéanta a bheith suite ar thailte na scoile.

Le linn an chomhairliúcháin le comhlachtaí bainistíochta scoile, tugadh faoi deara, cé go bhfuil go leor buntáistí ann le comhtháthú réamhscoileanna ar réadmhaoin na scoile, gurb é an tosaíocht do scoileanna soláthar oideachais príomhshrutha do dhaltaí. Tuairiscíodh gur féidir le soláthar tosaigh cúram leanaí ar réadmhaoin scoile ionchais a chruthú ó thuismitheoirí nó ón bpobal áitiúil go leanfar de bheith ag cur na seirbhíse seo ar fáil. Is tábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh socrúithe dlíthiúla an-soiléir ionas gur féidir deireadh a chur leis an socrú dlíthiúil agus an spás á chur ar fáil ar ais arís d'úsáid lánaimseartha na scoile. Tá sé seo an-tábhachtach i ngach cás ach tá tábhacht ar leith leis nuair a bhíonn daonra scoile ag fás agus acmhainn fós ag an scoil agus spás ar fáil a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa todhchaí.

Ról an Bhoird Bainistíochta maidir le Réamhscoileanna

Is tábhachtach d'údarais scoile a bheith ar an eolas go bhféadfadh saincheisteanna rialachais agus dliteanais a bheith ag baint le soláthar seirbhísí réamhscoile thar ceann an Bhoird

Bainistíochta. Cé gur féidir le Bord Bainistíochta clárú mar sholáthraí cláraithe faoi na Rialacháin um Chúram Leanaí, is tábhachtach d'údaráis scoile a bheith ar an eolas go bhféadfaí nach mbeadh na cosaintí a sholáthraítear do chomhaltaí boird aonair ó thaobh na slánaíochta de a bhaineann le comhaltaí an bhoird faoi alt 14 (7) den Acht Oideachais, i bhfeidhm i gcás réamhscoileanna. Ba cheart d'údaráis scoile a gcomhairle dlí féin a lorg ina thaobh seo.

Is é an cur chuige a mholtar, i gcás ina mbeartaítear réamhscolaíocht, faoi réir na gcomhaontuithe cuí d'Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaí agus Pátrún, go bhféadfaí seomraí nó áitreabh a chur ar fáil do thríú páirtithe (soláthraithe cúram leanaí cláraithe) trí chomhaontú dlíthiúil. Tá na ceaduithe a theastaíonn agus comhaontuithe dlí leagtha amach in Alt 3 thuas.

Forálacha breise

I dteannta na bhforálacha atá leagtha amach in áiteanna eile sna treoirlínte seo, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas maidir le gach scoil ina bhfuil sé beartaithe áitreabh na scoile a úsáid chun críocha réamhscoile le linn an lae scoile:

- Déanann an tAcht um Chúram Leanaí (1991) Cuid VII foráil do mhaoirseacht ar sheirbhísí réamhscoile agus chun rialacháin a dhéanamh a bhaineann le seirbhísí den sórt sin. In 2013, chuir an tAcht um Ghníomhaireacht Leanaí agus Teaghlaigh (alt 92) Cuid VIIA nua isteach in ionad Chuid VII. Foilsíodh rialacháin faoi na forálacha reachtacha nua le déanaí (Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016. Ba cheart d'údaráis scoile atá ag smaoineamh ar sheirbhís réamhscoile a éascú ar réadmhaoin na scoile a áirithiú go bhféadfaidh aon soláthraí seirbhíse comhlíonadh na dtreoirlínte agus na rialachán ábhartha a dhearbhu.
- Mar a leagtar amach i bhforálacha Lámhleabhar Rialachais na mBunscoileanna, ní mór ceadú roimh ré ón Aire agus ón bPátrún a bheith i bhfeidhm chun áitreabh scoile a úsáid i rith an lae scoile, chun críocha seachas gnó rialta scoile. Ba cheart don Phátrún an t-iarratas a chur isteach i scríbhinn chuig Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne chomh luath agus is féidir.
- Tá dualgas ar an mBord Bainistíochta agus ar an bPátrún a áirithiú go bhfuil dóthain cóiríochta/spáis leathnaithe chun freastal ar chlárú réamh-mheasta fadtéarmach na scoile agus aon fhorbairt a d'fhéadfadh teacht chun cinn sa cheantar.
- Maidir leis sin, nuair a theastaíonn cóiríocht bhreise ón scoil sa todhchaí, bheadh ar chóiríocht ar bith a úsáidtear chun críocha eile seachas soláthar scoile dul ar ais chuig úsáid na scoile. Ba chóir don tríú páirtí cóiríocht den sórt sin a chur ar ais go dtí a riocht bunaidh nuair atá sé á fágáil.
- Ní féidir maoiniú a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil, amhail an Deontas Mionoibreacha ná aon deontas eile le haghaidh scoileanna, a úsáid ar an seomra/na seomraí nó ar an bhfoirgneamh réamhdhéanta a bhíonn ar cíós/á úsáid ag an réamhscoil.
- Ba cheart go gcinnteodh aon chomhaontú go gcumhdaítear costais bhreise a thabhaítear mar thoradh ar úsáid na ngrúpaí: mar shampla, árachas, soilsiú, teas, glanadh agus cothabháil na limistéar a úsáideann na grúpaí.
- Ina theannta sin, ba cheart cosaintí riachtanacha a bheith curtha i bhfeidhm in aon chomhaontú maidir le sábháilteacht agus leas na ndaltaí faoi réir na gceanglas a

bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus nósanna imeachta um Chosaint Leanaí.

- Tá sé de dhualgas ar an bpáirtí a cheadaíonn an comhaontú dlí a áirithiú go bhfuil árachas ar leithligh agus leordhóthanach ag an réamhscoil, lena n-áirítear fostóirí agus árachas dliteanais phoiblí. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí socruithe árachais a fhíorú le hárachóir na scoile chun a áirithiú go bhfuil an Bord Bainistíochta, Pátrún agus/nó Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaithe clúdaithe go cuí agus slánaithe ag socruithe árachais.
- Níor cheart go dtabharfadh an comhaontú aon eastát nó leas dlíthiúil don úsáideoir atá beartaithe in áitreabh na scoile nó in aon chuid di. D'fhonn a áirithiú nach bhforbróidh aon chearta tionóntachta agus go mbeidh an réadmhaoin ar fáil d'úsáid na scoile má bhíonn sé ag teastáil sa todhchaí, moltar go ndéanfaí comhairle dhlíthiúil a lorg sula dtéitear isteach in aon chomhaontú. Ba cheart go mbeadh clásail scoir/fhoirceanta iomchuí ag gach comhaontú ceadúnais (moltar gan a bheith níos mó ná téarma 11 mhí). Má dhéantar léas gearrthéarmach ansin, ba cheart go mbeadh clásail scoir/fhoirceanta iomchuí aige seo freisin agus ba cheart go síneodh an Tionónta, tar éis dó comhairle dlí neamhspleách a fháil, Gníomhas a thréigeann aon chearta ar Thionóntacht nua.
- Sa chás go bhfuil socruithe i bhfeidhm cheana féin, ba cheart comhairle dhlíthiúil a fháil maidir le haon oibleagáid chun leanúint ar aghaidh leis na socruithe reatha nó má tá cearta tionóntachta fabhráithe.
- I gcás réadmhaoine Stáit, níor cheart aon chomhaontú dlí a dhéanamh i ndáil le réadmhaoin scoile a cheadúnú, a ligean ar cíos nó ar léas sula ndéantar imscrúdú ar an ionstraim dlí agus sula ndéanann Aonad Pleanála agus Foirgníochta na Roinne é a cheadú.

AGUISÍN 1:

COINNÍOLLACHA SAMPLACHA LENA RIALÁITEAR AN ÚSÁID A BHAINNEANN EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS COMHLACHTAÍ SEACHTRACHA EILE AS ÁISEANNA SCOILE

1. Ní mór nach bhfabhróidh aon chailteanas ar an mBord Bainistíochta/Pátrún/Úinéirí Réadmhaoine/ Iontaobhaithe agus/nó an Roinn Oideachais agus Scileanna ón úsáid a bhaineann an Eagraíocht/ Comhlacht as áiseanna na Scoile.
2. Éarlais aontaithe le taisceadh mar chomhartha ar fhreagracht na heagraíochta atá ainmnithe thíos.
3. Tá táille iníoctha as úsáid na n-áiseanna scoile. Cinnfidh an Bord Bainistíochta na muirir seo ó am go ham.
4. Éilítear ar ghrúpaí atá ag baint úsáide as áiseanna scoile cloí le comharthaí atá ar taispeáint, cloí le rialacha na scoile, le riachtanais sláinte agus sábháilteachta, lena n-áirítear cosc ar thobac a chaitheamh agus le nósanna imeachta agus bearta eile ábhartha scoile atá i bhfeidhm chun sábháilteacht agus leas dhaltaí na scoile a chosaint.
5. Caithfear iarratais a dhéanann Ionadaí an Bhoird ar dualgas le linn cruinnithe/amanna gníomhaíochta a chomhlíonadh go pras agus go hiomlán.
6. Tá réadmhaoín scoile le bheith fágtha folamh ag na hamanna ceaptha.
7. Ní foláir na háiseanna a úsáideadh a fhágáil i riocht glan agus slachtmhar sa chaoi ina bhfuarthas iad agus ní mór gach maoín a bhaineann leis an ngrúpa a bhaint amach as/a stóráil mar a aontaíodh.
8. Ní mór aon damáiste do réadmhaoín nó do threalamh a thuairisciú i scríbhinn chuig _____. Forchoimeádann an Bord Bainistíochta/Úinéirí Réadmhaoine/Iontaobhaithe an ceart chun aon chostas a thabhoífar a fhorchúiteamh.
9. Éilítear ar an ngrúpa cloí le Ráiteas Sábháilteachta agus le Nós Imeachta Aslonnaithe Dóiteáin na scoile agus a dhearbhu go gcomhlíonann siad na ceanglais reachtúla agus na riachtanais ábhartha eile go léir lena n-áirítear Sláinte agus Sábháilteacht, Cosaint Leanaí agus grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.
10. Ní mór aon teagmhas a tharlaíonn ar áitreabh na scoile óna bhféadfaí éileamh árachais a bheith ann dá bharr nó a thagann le tuairisciú faoin bPolasaí Sláinte agus Sábháilteachta a thuairisciú chuig [ainm an duine] _____ láithreach nó a luaithe is féidir go praiticiúil.
11. Cinnfidh an Príomhoide agus/nó an Bord Bainistíochta teorainn na n-uimhreacha ag aon chruinniú den sórt sin.
12. Fógra ar chruinniú/imeacht le tabhairt i scríbhinn ar a laghad seachtain amháin roimh ré.
13. Ní fhéadfar cruinniú/gníomhaíochtaí a bheith ar siúl ach ag amanna atá ceadaithe ag an bPríomhoide/Bord Bainistíochta.
14. Ní mór don eagraíocht clúdach árachais cuimsitheach a dhéanamh agus ní mór di an Bord Bainistíochta, an Pátrún agus an tAire Oideachais agus Scileanna/Úinéirí Réadmhaoine/ Iontaobhaithe a shlánú ó aon dlíteanas a eascraíonn as láithreach na hEagraíochta/an chomhlachta ar réadmhaoín na scoile.
15. Mar choinníoll ar fhrúiliú, tá an scoil údaraithe aon fhiosrúcháin a mheasann sí a bheith riachtanach a dhéanamh le comhlacht árachais na hEagraíochta/an chomhlachta.
16. Tá an Eagraíocht / comhlacht freagrach as a áirithiú go bhfuil gach ball a bhaineann úsáid as áiseanna scoile ar an eolas faoi na coinníollacha seo.

AGUISÍN 2:

FAISNÉIS A BHAINNEAN LE COMHAONTUITHE DLÍTHIÚLA

Is faoin úinéir réadmhaoine iomchuí nó faoin bPátrún/faoi na nLontaobhaithe is cuí aon chomhaontú dlíthiúil atá le cur i bhfeidhm de réir mar is iomchuí. Is ábhar do shínitheoirí an chomhaontaithe dlíthiúil é comhairle dlí a fháil.

Ba cheart go gcuirfí na ceanglais seo a leanas san áireamh sa chomhaontú a chuirtear isteach:

- Níor chóir go mbeadh aon tionchar ag an úsáid ar obair na scoile ar bhealach ar bith
- Níor cheart glanchostas a bheith ar an scoil de bharr comhaontuithe dlíthiúla, lena n-áirítear aire a thabhairt do phearsana scoile, caitheamh agus cuimilt, teas, solas agus cumhacht agus forchostais eile.
- Ba cheart faisnéis iomlán a bheith á cur ar fáil don Bhord in iarratais ar úsáid áiseanna scoile agus ba cheart na hiarratais a bheith ó chomhlachtaí atá comhdhéanta i gceart le duine freagrach a ainmnítear chun bheith i gceannas ar an ngníomhaíocht.
- Ba cheart go mbeadh clásail scoir iomchuí i gcomhaontuithe dlíthiúla agus ba cheart tréigean a shíniú nuair is iomchuí.

Cé nach bhfuil an liosta seo a leanas saintreorach, moltar an soiléireacht is gá a bheith léirithe sa chomhaontú dlí, ar a laghad, maidir leis na nithe seo a leanas:

1. Dáta Tosaithe, téarma an chomhaontaithe, an táille ceadúnais/an méid cíosa agus an dáta íocaíochta (ba chóir go gcumhdódh íocaíocht an táille ceadúnais/cíosa aon fhorchostais a thabhaítear nuair a chuirtear an t-áitreabh ar fáil, lena n-áirítear costais soilisithe agus teasa, costais chothabhála, costais an tsealbhóra eochracha, costais riaracháin/dlíthiúla);
2. Uaireanta úsáide agus limistéir úsáide sainithe lena n-áirítear bealaí rochtana etc. (ba chóir léarscáil a sholáthar);
3. Socruithe rochtana lena n-áirítear freagracht as an áitreabh a shealbhú, a oscailt agus a dhúnadh, nósanna imeachta aistrithe, bainistíocht tráchta nuair is cuí etc.;
4. Riachtanais maidir le grinmfhiosrúchán an Gharda Síochána agus cosaint leanaí;
5. Clásal rogha an diúltaithe lena n-áirítear cumas an dá pháirtí chun deireadh a chur leis an gcomhaontú agus chun an tréimhse fógra a scor;
6. Seasamh an úsáideora atá beartaithe maidir le hábhar fógraíochta (tagairtí don scoil);
7. An seasamh maidir le híocaíocht na gcostas a thabhaítear mar thoradh ar an úsáid a bhaineann an grúpa iomchuí as an áitreabh (sonraí maidir leis an gcaoi a gcuirfeadh é seo in iúl, ba chóir modheolaíocht cionranna etc. a áireamh);
8. Slánaíocht do Phátrún /úinéir na réadmhaoine agus don Bhord Bainistíochta i leith aon éilimh de chineál ar bith a eascraíonn as úsáid an áitribh ag an úsáideoir atá beartaithe;
9. Árachas - caithfidh an t-úsáideoir atá beartaithe árachas leordhóthanach a fheidhmiú. Ba cheart do na húdaráis scoile liosta cothrom le dáta a choimeád i scríbhinn a fhéadfar a tháirgeadh ar éileamh a léiríonn an t-ainm, an oifig chláraithe agus an cruthúnas ar árachas leordhóthanach, e.g. fostóirí, inneachar agus árachas slándála poiblí, le leas úinéir na réadmhaoine faoi deara ar an mbeartas maidir le gach grúpa atá ag baint úsáide as an áitreabh.
10. Gealltanais nach dtarraingítear míchlú ar an úinéir/scoil de dheasca na húsáide a bhaineann úsáideoir beartaithe as an áitreabh;
11. Oibleagáidí cothabhála/deisiúcháin an úsáideora atá beartaithe lena chinntiú go gcoinnítear an t-áitreabh i riocht glan agus slachtmhar agus gan aon damáiste a dhéanamh. Aon damáiste a dhéantar a dheisiú má tharlaíonn sé sin le comhaontú ón gceadúnaí/léasóir nó aisíocaíocht a dhéanamh leis an mBord Bainistíochta/Úinéirí Réadmhaoine/Lontaobhaithe ar son aon deisiúcháin a bheith le déanamh mar gheall ar úsáid a bhainfidh úsáideoir beartaithe as an áitreabh;
12. Próiseas réiteach díospóidí más gá;
13. Sláinte agus sábháilteacht - Ba chóir a áirithiú go léirítear nósanna imeachta Sláinte agus Sábháilteachta na scoile go soiléir agus go bhfuil comhaontú ón úsáideoir atá beartaithe cloí leis na nósanna imeachta sin lena n-áirítear úsáid aláraim, nósanna imeachta aslonnaithe, nósanna imeachta dóiteáin etc.;
14. Comhlíonadh reachtaíochta agus treoirínte ábhartha.

15. Níor cheart don chomhaontú aon eastát nó leas dlíthiúil a thabhairt don úsáideoir atá beartaithe in áitreabh na scoile sin nó in aon chuid di.
16. Níor chóir cearta eisiacha a cheadú don úsáideoir atá beartaithe.
17. Níor cheart go gceadófaí don úsáideoir beartaithe sochar an chomhaontaithe a shannadh.

Níl an liosta thuas uileghabhálach agus is ábhar é d'údarás na scoile/Pátrún agus Úinéirí Réadmhaoine/lontaobhaithe chun a leasanna a chosaint.

AGUISÍN 3:-

CEADUITHE RIACHTANACHA AGUS SÍNITHEOIRÍ CUÍ LE COMHAONTUITHE DLÍTHIÚLA				
Scoileanna	Céim 1:- Measúnú tosaigh ar iarratas	Céim 2:- Ceaduithe riachtanacha le haghaidh:- úsáid a bhaint as Foirgnimh Scoile taobh amuigh d'uaireanta scoile		Céim 3:- Páirtithe sa Chomhaontú
Bunscoileanna agus Meánscoileanna Deonacha ar láithreáin atá faoi úinéireacht an Aire	Ba cheart don Bhord Bainistíochta (“BB”) an t-iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Pátrún.	Pátrún & An tAire Oideachais agus Scileanna (“An tAire”).	Féadfaidh an Pátrún ceadúnas a dheonú don úsáideoir atá beartaithe lena úsáid faoi réir théarmaí an Léasa idir an Pátrún agus an tAire Oideachais agus Scileanna.
Bunscoileanna nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire	Ba cheart don BB iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Úinéirí na Réadmhaoine/lontaobhaithe.	Úinéirí na Réadmhaoine/lontaobhaithe agus an tAire.	Úinéirí na Réadmhaoine /lontaobhaithe & úsáideoir beartaithe.
Meánscoileanna Deonacha nach bhfuil faoi úinéireacht an Aire	Ba cheart don BB iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Úinéirí na Réadmhaoine/lontaobhaithe.	Úinéirí na Réadmhaoine/lontaobhaithe & Déan tagairt d’aon chomhaontú idir Úinéirí na Réadmhaoine/lontaobhaithe agus an tAire má tá an réadmhaoin daingnithe go dlíthiúil.	Úinéirí na Réadmhaoine / lontaobhaithe agus úsáideoir beartaithe.
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha	Ba cheart don BB iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Déan tagairt don Lámhleabhar Rialachais le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha.	Déan tagairt don Lámhleabhar Rialachais le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha agus an tAire.	Déan tagairt don Lámhleabhar Rialachais le haghaidh Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha.
Scoileanna faoi úinéireacht na mBord Oideachais	Ba cheart don BB iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Déan tagairt do Lámhleabhar ábhartha an Bhoird Bhainistíochta do Scoileanna/Coláistí faoi choimirce na mBord Oideachais.	Déan tagairt do Lámhleabhar ábhartha an Bhoird Bhainistíochta do Scoileanna/Coláistí faoi choimirce na mBord Oideachais.	Déan tagairt do Lámhleabhar ábhartha an Bhoird Bainistíochta do Scoileanna/Coláistí faoi choimirce na mBord Oideachais.

Áitreabh ar léas (e.g. Lóistín Sealadach)	Ba cheart don BB iarratas a mheas agus má fhaomhtar é cead a fháil ón bPátrún.	Déan tagairt do théarmaí an léasa.	Déan tagairt do théarmaí an léasa agus an Aire, más Bunscoil atá i gceist.	Déan tagairt do théarmaí an léasa.
--	--	--	--	---------------------------------------

AGUISÍN 4:

IARRATAS SAMPLACH MAIDIR LE hÚSÁID A BHAINT AS SEOMRAÍ/ÁISEANNA SCOILE

1. SONRAÍ EAGRAÍOCHTA

Ainm an Chomhlachais/Ghrúpa:

Seoladh:

Uimhir Ghutháin:

Ainm seoladh teagmhála: Uimhir Ghutháin:

2. ÁISEANNA ATÁ RIACHTANACH

Áiseanna/seomra ag teastáil:

Feidhm:

Dáta(i) a mbíonn sé/siad ag teastáil: Am(anna):

Ainm agus seoladh an duine a bheidh i gceannas:

3. SONRAÍ ÁRACHAIS

Ainm agus seoladh na cuideachta árachais:

Uimhir polasaí:

Dáta éaga an pholasaí:

4. DEARBHÚ/ÚDARÚ LE SÍNIÚ AR SON NA hEAGRAÍOCHTA/AN CHOMHLACHTA

Aontaím/Aontaímid leis na coinníollacha a rialaíonn úsáid Réadmhaoin na Scoile mar a shonraítear ar an bhfoirm a ghabhann leis. Údaraím don Scoil cibé fiosruithe a dhéanamh, de réir mar a mheastar is gá maidir leis an iarratas seo.

Sínithe: _____

Dáta: _____

5. FAOMHÚ AN IARRATAIS

Úsáid áiseanna scoile a cheadaítear (dátaí agus amanna):

Tá iniúchadh déanta ar an mbundeimhniú árachais agus tá cóip de á choimeád le haghaidh taifead na Scoile.

Tugadh cóip den iarratas ceadaithe don Iarratasóir mar aon le cóip de na coinníollacha ceadaithe maidir le húsáid réadmhaoine na Scoile ag comhlachtaí seachtracha.

SÍNITHE: _____

Pátrún agus/nó Úinéirí na Réadmhaoine/Iontaobhaithe

AGUISÍN 5:-

Reachtaíocht reatha agus treoirlínte maidir le Cúram Leanaí

Tabhair faoi deara go bhfuil an liosta thíos faoi réir athraithe agus ba cheart comhairle dlí a lorg maidir le haon chomhaontú dlíthiúil atá le cur i bhfeidhm

Ní mór do na hiarratasóirí, agus a gcuid fostaithe, gach reachtaíocht agus treoirlínte ábhartha a thuiscint agus a chomhlíonadh, lena n-áirítear, ach níl siad teoranta dóibh seo a leanas:

Reachtaíocht

- Na Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) Uimh. 2 (1996) agus Rialacháin um Chúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) Uimh. 2 (Leasú) 2006
- An tAcht Leanaí agus Teaghlaigh (2013)
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Iarratais Ghinearálta) 2007
- An tAcht um Sheirbhísí Dóiteáin (1981)
- Reachtaíocht Fostaíochta an AE agus na hÉireann
- Rialachán Sláinteachais an AE maidir le hEarraí Bia (1998 agus 2000)
- Na hAchtanna um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016
- An tAcht um Leanaí ar dTús 2015 * * (níor cuireadh tús leis go hiomlán fós)

Treoirlínte Náisiúnta

- Na Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibríochta do Sheirbhísí na Luathbhlianta
- Cúram Leanaí ar dTús: Treoirlínte Náisiúnta ar Chosaint agus Leas Leanaí: An Roinn Sláinte agus Leanaí (2011) **
- Ár nDualgas Cúraim: Na Prionsabail um Dhea-Chleachtais maidir le Cosaint Leanaí agus Daoine Óga (2002)
- Cód Cleachtais maidir le Sábháilteacht Tinte in Áiteanna Tionóil a Bhainistiú (1981)
- Treoir maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in áitribh a úsáidtear le haghaidh Seirbhísí Réamhscoile: An Roinn Comhshaoil (1999)
- Sláinteachas san Earnáil Lónadóireachta: Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (1994)
- Bainistíocht ar Ghálair Ionfhabhtaithe i gCúram Leanaí - Áiseanna agus suíomhanna eile cúraim leanaí: An tIonad Faire um Chosaint Sláinte (2012)
- Síolta, An Creat Náisiúnta Cáilíochta d'Oideachas na Luath-Óige: An tIonad um Luath-Óige agus Forbairt agus Oideachas (CECDE) (2006)
- Aistear, An Creat i dTreo Luathfhoghlama: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNM) (2009)
- Treoirlínte Bia agus Cothaithe do Sheirbhísí Réamhscoile: An Roinn Sláinte agus Leanaí (2004)
- Ba cheart go mbeadh na hiarratasóirí in ann a léiriú do na húdaráis rialála ábhartha (.i. Tusla, HSA, An Roinn Oideachais agus Scileanna) nuair is gá, go gcomhlíonann siad an reachtaíocht seo.

* D'fhógair an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige go dtosódh sí na forálacha atá fágtha den Acht um Leanaí ar dTús 2015 ar an 11ú Nollaig 2017

** Foilsíodh leagan nuashonraithe de *Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí (2017)* an 2 Deireadh Fómhair 2017 agus beidh sé ag feidhmiú nuair a chuirfear tús leis an Acht um Leanaí ar dTús 2015. Tá an Roinn, i gcomhairle leis na comhpháirtithe ábhartha oideachais, ag déanamh athbhreithnithe faoi láthair ar na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna* chun na ceanglais reachtúla atá le teacht faoin Acht um Leanaí ar dTús 2015 agus san fhoilseachán a foilsíodh ar na mallaibh Leanaí ar dTús: Treoir Náisiúnta um Chosaint agus

Leas Leanaí (2017). Moltar do scoileanna faireachán a dhéanamh ar shuíomh gréasáin na Roinne le haghaidh nuashonruithe.